Poist Nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin chomhlacht *Abtran*. Agus tú ag féachaint ar an tuairisc don chéad uair, déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. central _____
2. business strategy _____
3. wide range of services _____
4. aspect _____
5. research _____
6. looking for markets _____
7. expanding _____
8. exporting _____
9. cuts _____
10. benefiting from _____
11. trend _____

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth a bhfuil Abtran sa nuacht?
2. Cé mhéad duine atá fostaithe ag an chomhlacht?
3. Tugtar sampla den chineál oibre a dhéanann an comhlacht. Cad é?
4. Cé mhéad duine a bheidh ag obair leis an chomhlacht faoin bhliain 2012, dar leo?
5. Cén claonadh a bhfuil Abtran ag baint tairbhe as?

Ceist 3 '…dea-scéalta…'

Baintear úsáid as an réimír dea- go minic i bhfocail Ghaeilge. An dtuigeann tú na cinn thíos?

dea-chomhartha
dea-mhéin
dea-aithne
dea-chainteach
dea-dhuine
dea-chuma

Ceist 4 '…má bhíonn…' agus '…má ghlaonn…'

(a) Cad is brí le *má*?
(b) Cad iad na rialacha a bhaineann le *má*?
(c) Cad é an fhoirm dhiúltach de *má*?
(d) Aistrigh na habairtí go Gaeilge:

If the weather is nice we will definitely go.
If he is asleep, leave him alone.
If he is there we will see him there.
If you write a good essay I'll let you go out at the weekend.
If she left when she said she would, she'll be here soon.
If it's not good he'll be very angry.
If they don't see the film it is their loss.

Ceist 5 '…Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine…'

(a) Cad is brí leis an seanfhocal thuas?
(b) Cuir na seanfhocail thíos in abairtí lena mbrí a léiriú

Is maith an t-anlann an t-ocras.
Mol an óige is tiocfaidh sí.
An rud is annamh, is iontach.
Tús maith leath na hoibre.
Is fearr rith maith ná drochsheasamh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. central – lárnach
2. business strategy – straitéis ghnó
3. wide range of services – réimse leathan seirbhísí
4. aspect – gné
5. research – taighde
6. looking for markets – ag lorg margaí
7. expanding – ag leathnú amach
8. exported – onnmhairíodh
9. cuts – ciorraithe
10. benefiting from – ag baint tairbhe as
11. trend – claonadh

Ceist 2

1. D'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta Batt O'Keefe ar maidin go bhfuil trí chéad post nua le cruthú in *Abtran* roimh dheireadh na bliana 2012.
2. Míle duine.
3. Mar shampla, má bhíonn fadhb agat le do bhille leictreachais agus má ghlaonn tú ar an uimhir atá luaite ar an mbille, is le duine éigin anseo a bheidh tú ag caint agus ní le duine atá fostaithe go díreach ag an mBord Soláthair Leictreachais.
4. Míle trí chéad.
5. An claonadh atá ag comhlachtaí ciorraithe a dhéanamh agus foirne a laghdú.

Ceist 3

dea-chomhartha:	good sign
dea-mhéin:	good will
dea-aithne:	good acquaintanceship
dea-chainteach:	well spoken, witty
dea-dhuine:	good person
dea-chuma:	good appearance

Ceist 4

(a) Ciallaíonn má ***if*** as Béarla.

(b) – úsáidtear *má* leis an aimsir láithreach chun am san aimsir fháistineach a chur in iúl.
- úsáidtear *má* san aimsir chaite chomh maith.
- leanann séimhiú *má* de ghnáth.
- ní chailltear an 'd' le gutaí san aimsir chaite tar éis *má*.

(c) Mura.

(d)

- Má tá an aimsir go deas rachaidh muid go cinnte.
- Má tá sé ina chodladh fág é.
- Má tá sé ann feicfidh muid ann é.
- Má scríobhann tú aiste mhaith tabharfaidh mé cead duit dul amach ag an deireadh seachtaine.
- Má d'fhág sí nuair a dúirt sí beidh sí anseo gan mhoill.
- Mura bhfuil sé go maith beidh sé crosta.
- Mura bhfeicfidh siad an scannán iad féin a bheidh thíos leis.

Ceist 5

(a)
It's an ill wind that blows nobody good.

(b)
Is maith an t-anlann an t-ocras – *Hunger is the best sauce.*
Mol an óige is tiocfaidh sí – *Praise youth and youth will respond.*
An rud is annamh, is iontach – *What's rare is wonderful.*
Tús maith leath na hoibre - *A good start is half the work.*
Is fearr rith maith ná drochsheasamh – *A good run is better that a bad stand.*

Éimear Ní Chonaola
Sampla maith é *Abtran* i gCorcaigh den chineál comhlachta atá lárnach i straitéis ghnó an rialtais a deir an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta Batt O'Keefe. D'fhógair sé ar maidin go bhfuil trí chéad post nua le cruthú in *Abtran* roimh dheireadh na bliana 2012. Tá an scéal ag Greta O'Connor.

Greta O'Connor
Míle duine atá fostaithe in *Abtran* faoi láthair agus réimse leathan seirbhísí á gcur ar fáil dá gcuid cliant[1]. Go bunúsach, gabhann *Abtran* conarthaí ó mhórchomhlachtaí chun aire a thabhairt de ghné éigin d'obair an chomhlachta sin. Mar shampla, má bhíonn fadhb agat le do bhille leictreachais agus má ghlaonn tú ar an uimhir atá luaite ar an mbille, is le duine éigin anseo a bheidh tú ag caint agus ní le duine atá fostaithe go díreach ag an mBord Soláthair Leictreachais. Is mar a chéile a bhíonn an scéal le glaonna chuig *Aviva*, *Sky TV* agus a lán comhlachtaí eile. Dár ndóigh, níl anseo ach cuid amháin den obair mar bíonn taighde ar siúl ag *Abtran* an t-am ar fad, ag lorg margaí nua dá gcuid seirbhísí agus ag leathnú amach ar fud an domhain.

Batt O'Keefe
Cuireann sé[2] in iúl dúinn go bhfuil an rialtas ag comhairliú le gnó fostaíochta chun na poist* seo a chur ar fáil, agus na poist* ardleibhéal, poist* ardleibhéal atá ann agus sin an rud is cóir dúinn mar rialtas a chur ar bun.

Greta O'Connor
Inniu dúirt Frank Ryan ó *Enterprise Ireland* go raibh an taoide tar éis casadh ó thaobh na tionsclaíochta de. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-earraí a onnmhairíodh ó chomhlachtaí sa tír seo le sé mhí anuas, agus súil acu le go leor dea-scéalta fostaíochta i mbliana. Idir seo agus deireadh 2012 rachaidh líon na n-oibrithe anseo in airde go dtí míle trí chéad. Gach aon lá anois bíonn comhlachtaí ag déanamh ciorraithe agus ag iarraidh foireann a laghdú, ach tá *Abtran* ag baint tairbhe as an gclaonadh sin. Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin.

Greta O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh

- Is é *poist* ata sa chaighdeán ach baintear úsáid as an leagan *postanna* go forleathan sna meáin Ghaeilge.

[1] *clianta* a deirtear
[2] *tugann sé* a deirtear